Cúpla dúshlán eile daoibh!

freagraí samplacha, alt léamhthuisceana, alt, athdhéanamh foclóra, gramadach,
***A Thig ná Tit Orm, Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*, bígí ag plé agus sraith pictiúr**

Féachaigí siar ar leathanaigh 18 agus 19 – freagraí anseo daoibh!

Bagairt ón spéir (lch 18)

6 (a) Aimsigh sampla den chónasc in alt 1 agus d'aidiacht bhaininscneach in alt 2.

- **cónasc**
  agus *ach*
- **aidiacht bhaininscneach**
  bagairt ***mhór*** *thar thréimhse* ***fhada***

6 (b) Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair dhá phointe eolais as an sliocht i d'fhocail féin, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor 60 focal.)

Chuaigh an sliocht i bhfeidhm go mór orm ar dhá bhealach.

Tar éis dom é a léamh ó thús go deireadh tháinig fuadach croí orm, mar luaitear arís is arís eile go bhfuil an Chóiré Thuaidh ag déanamh trialacha núicléacha agus ag seoladh diúracán núicléiceach in airde sa spéir. Luann an t-údar uileloscadh cúpla uair chomh maith.

Ar ndóigh, bhí i bhfad Éireann ní ba mhó eolais agam faoi stair na Cóiré agus an sliocht léite agam. Luaitear in Alt 2 go raibh an

tSeapáin ag iarraidh smacht a chur ar an tír ó thús an naoú céad déag – agus gur fhulaing an chosmhuintir céasadh agus géarleanúint thar thréimhse fhada. Lean na fadhbanna sin fiú le linn an dara cogadh domanda agus ina dhiaidh.

Tréith eile a bhaineann leis an genre seo ná go dtugtar neart fíricí don léitheoir. Tá an sliocht seo breac le fíricí faoi chnagchócaon in ailt 3, 4 agus 5 ach go háirithe.

Baol ó athruithe aeráide? (lch 19)

6 (a) Aimsigh sampla den alt sa ghinideach uatha firinscneach in alt 3 agus den alt sa ghinideach uatha baininscneach in alt 4.

- **alt sa ghinideach uatha firinscneach**
  sotal ***an*** *Uachtaráin*
- **alt sa ghinideach uatha baininscneach**
  ar bharr ***na*** *talún*

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

6 (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht, luaigh dhá threith a bhaineann leis an Uachtarán Donald Trump, dar leat. Aimsigh sampla amháin de gach ceann den dá thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra i d'fhocail féin. Is leor 60 focal.)
Is dóigh liom go seasann dhá thréith amach maidir le Donald Trump.

Níl mórán tuisceana aige maidir le ceist-eanna móra an lae inniu, dar liom. Tá fian-aise den amaidí seo in alt a haon, nuair a deirtear gur tharraing Trump siar as Comh-aontú Pháras. Dá mbeadh splanc céille aige thuigfeadh sé tábhacht an chomhaontaithe seo maidir le hathrú aeráide.

Léiríonn iompar Trump gur duine uaibhreach, sotalach é. Ba é sin ba chúis leis an dá bhotún a rinne sé nuair a lig sé do spéirlingí *Harvey* agus *Irma* teacht aniar aduaidh ar mhuintir Mheiriceá. Is ea, d'fhág sé pobal a thíre 'sa bhearna bhaoil' nuair nár thug sé aon aird ar a shaineolaithe féin.

Triail léamhthuisceana eile daoibh!

Bailte úra an freagra

1 Tar éis na mblianta den fhulaingt agus den chrá croí, tá Éire ar a cosa arís. Tá níos mó daoine ag obair, níos mó airgid i bpócaí an rialtais agus an tír ag dul i ngleic leis na fiacha móra ar deireadh thiar. Ach is é an breac sa bhainne ná cúrsaí tithíochta agus lóistín. Is é an donas ar an scéal ná nach bhfuil ag éirí le polasaí ná le gníomh polaitiúil d'aon sórt an fear maith a fháil ar an bhfadhb. Is é polasai an rialtais ná 'atógáil na hÉireann' agus tá cúig mhórghné i gceist – easpa dídine, tithíocht shóisialta, tógáil tithe nua, earnáil an chíosa agus tithe folmha.

2 Is léir nach bhfuil ag éirí leis na straitéisí seo. I láthaír na huaire tá tuairim is 8,000 duine gan dídean sa stát – agus timpeall 650 fós ina gcónaí in óstáin nó i dtithe lóistín, cé go ndúirt an tAire Simon Coveney nach mbeadh duine ar bith sna hóstáin faoi mhí Iúil 2017! Chomh maith leis sin, tá tuairim is 90,000 duine ar liosta feithimh na

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

dtithe sóisialta, cé gur chuir an rialtas roimhe 47,000 teach sóisialta a thógáil faoin mbliain 2021. Maidir le tithe nua, bhí sé d'aidhm ag an rialtas 25,000 de chinn phríobháideacha a thógáil faoin mbliain 2021. Níl aon dabht faoi ach go bhfuil tithe á dtógáil, ach in an-chuid cásannna bíonn siad ródhaor do dhaoine ar thuarastail réasúnta. Ar ndóigh, tá earnáil an chíosa imithe ó smacht ar fad. D'fhoilsigh an suíomh idirlín réadmhaoine, *DAFT*, figiúirí le déanaí, a léirigh gur tháinig ardú 12% ar chíosanna i mBaile Átha Cliath.

3 Tharla casadh sa scéal seo i mí Mheán Fómhair, nuair a thosaigh an rialtas ag caint faoi bhaile nó bhailte úrnua a thógáil ar imeall na hardchathrach chun lóistín a chur ar fáil agus chun pobail nua a chruthú iontu. Dhéanfaí an phleanáil ag an tús. Ansin thógfaí an bonneagar – tithe, siopaí, scoileanna, áiseanna spóirt agus pobail, bóithre, seirbhisí iompair agus nithe eile. Dhéanfaí dul chun cinn de réir a chéile agus ní thógfaí tithe go dtí go mbeadh na háiseanna cuí ar fáil dóibh siúd a bheadh ag cur fúthu sna ceantair sin.

4 Tharla forbairt den sórt seo cheana, áfach. Tógadh Baile na Sionainne sna seachtóidí agus tógadh Baile Adaim, lámh le Leamhcán, sa bhliain 2006. Tá an obair chéanna ag dul ar aghaidh in áiteanna eile i mBaile Átha Cliath – áiteanna mar Choill na Silíní, Pháirc Hans agus Clonburris, gan ach cúpla ceann a lua. Is é an buntáiste d'fhorbróirí tithe ná go bhfaigheann siad cead pleanála níos tapúla agus go laghdaítear ar an moill sa phróiseas tógála. Is buntáiste an-mhór é freisin má bhíonn an talamh i lámha *NAMA* toisc nach mbíonn na forbróirí ach ag plé le húinéir amháin maidir leis an suíomh.

5 Deirtear go n-éiríonn leis an saghas seo forbartha má bhíonn caidreamh maith idir forbróirí, ailtirí agus údaráis áitiúla. Ar ndóigh, ní mor acmhainní móra a sheoladh isteach sna scéimeanna seo ón tús. Ina theannta sin, is gá na bailte nua seo a bheith tarraingteach agus neamhspleách iontu féin. Tá guí amháin agamsa! Bímis dóchasach agus cuirimis chun na hoibre le fonn, mar tá pobal na tíre ag fulaingt le fada. Más féidir le tíortha eile bailte úra a thógáil, cén fáth nach féidir linne é a dhéanamh?

Gluais

breac sa bhainne *fly in the ointment*
earnáil = rannóg, roinn
réadmhaoin *realty, property*
bonneagar = infreastruchtúr
údarás *authority*
Coill na Silíní *Cherrywood*
Páirc Hans *Hansfield*
forbróir *developer*
ailtire *architect*
acmhainn = maoin *resource*

Ceisteanna

1 (a) Cén t-athrú chun na maitheasa atá tagtha ar Éirinn? (Alt 1)
(b) Mínigh an 'breac sa bhainne' a ndéanann an t-údar tagairt dó. (Alt 1)
2 'Is léir nach bhfuil ag éirí leis na straitéisí seo.' Tabhair dhá phíosa

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

fianaise go bhfuil an méid sin fíor. (Alt 2)
3 (a) Léirigh an ‘casadh’ a tháinig sa scéal. (Alt 3)
(b) Cathain a thógfaí tithe sna bailte nua? (Alt 3)
4 (a) ‘Tharla forbairt den sórt seo cheana.’ Conas? (Alt 4)
(b) Luaigh buntáiste amháin atá ann d’fhorbróirí tithe. (Alt 4)
5 (a) Breac síos dhá rud is gá a dhéanamh ionas go n-éireoidh leis an saghas seo forbartha. (Alt 5)
(b) ‘Tá guí amháin agamsa!’ A bhfuil i gceist ag an údar a mhíniú. (Alt 5)
6 (a) Aimsigh sampla d’urú i ndiaidh réamhfhocail shimpli in alt 1 agus de shéimhiú i ndiaidh réamhfhocail shimplí alt 3.
(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht, tabhair dhá chúis gur scríobh an t-údar an sliocht seo. (Bíodh an freagra i d’fhocail féin. Is leor 60 focal.)

Sinn Féin nua

‘Ní mór crann na saoirse a athnuachan ó am go ham le fuil na dtírghráthóirí agus na dtíoránach,’ a dúirt Thomas Jefferson i Meiriceá fadó. Is beag tír dhaonlathach nach raibh breith fhoréigneach aici. Deirtear, mar shampla, go raibh gunnaí ag cuid de na Teachtaí Dála sa chéad Dáil i 1919!

Bhunaigh Art Ó Gríofa Sinn Féin sa bhliain 1905 agus, cé nach raibh sé féin róthugtha don fhoréigean, níorbh fhada go raibh baint ag an *IRB* agus ag an *IRA* leis an bpáirtí. Toghadh Éamon de Valera mar Uachtarán ar Shinn Féin i 1917 agus, cúig bliana ina dhiaidh sin, fuair Ó Gríofa bás.

Polasaí amháin a bhí ag Sinn Féin ón tús, agus atá go fóill ag an bpáirtí, ná neamhfhreastalachas. Níor chreid na baill gur chóir dóibh suí i bParlaimint na Breataine. B’in an fáth ar fhág Éamon de Valera an páirtí chun Fianna Fáil a bhunú sa bhliain 1926, cé gur neamhfhreastalachas sa Dáil a bhí i gceist aige.

Tharla scoilt i Sinn Féin arís sa bhliain 1970 mar gheall ar cheist an neamhfhreastalachais agus, i 1983, sheas Ruairí Ó Brádaigh síos mar uachtarán agus ghlac Gerry Adams a áit. Tríocha is a cúig bliana ina dhiaidh sin, tá Adams fós ina cheannaire.

Cé go dtéann comhrac armtha i bhfad siar i stair na tíre seo agus i stair an domhain, chuir sosanna cogaidh an *IRA*, i 1994 agus arís i 1997, go mór le tacaíocht Shinn Féin ar fud na tíre, thuaidh agus theas. Cé gur shéan Gerry Adams riamh go raibh sé féin ina bhall den *IRA*, is iomaí ball den pháirtí a bhí gníomhach go míleata, ina measc Martin McGuinness nach maireann.



Ceann de na clocha is mó a bhí ar phaidrín Shinn Féin riamh ná go mbeadh Éire Aontaithe ann. Is é sin le rá go n-imeodh an Bhreatain as na Sé Chontae ó thuaidh mar a rinne siad sa chuid eile den tír i 1922. Tá Gerry Adams ag iarraidh go mbeidh reifreann faoi Éire Aontaithe laistigh de chúig bliana. Is cosúil nach bhfuil Adams ag smaoineamh ar éirí as ceannasaíocht an pháirtí gan mhoill, mar sin.

Beidh Ard Fheis Shinn Féin ar siúl i gContae na Mí an mhí seo chugainn. Deir Adams go mbeidh sé ag cur a ainm chun tosaigh mar uachtarán arís, ach deir sé go léireoidh sé ag an Ard Fheis cad iad na pleananna atá aige féin don todhchaí. Tá Michelle O’Neill ina ceannaire ó thuaidh ó cailleadh Martin McGuinness agus tá a lán daoine ag ceapadh gur bean eile, Mary Lou McDonald a bheidh ina huachtarán nuair a sheasfaidh Adams síos.

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

Gach seans go mbeidh Sinn Féin nua le feiceáil go luath, ach beidh orainn fanacht go dtí an mhí seo chugainn le fáil amach cé chomh nua is a bheidh sé agus cathain a tharlóidh sé.

Gluais

athnuaigh *renew*
tíoránach = aintiarna *tyrant*
daonlathach *democratic*
foréigneach = trodach *violent*
neamhfhreastalachas *abstentionism*
comhrac = troid, coimhlint
séan *deny*
míleata *military*
ceannasaíocht = ceannaireacht
an todhchaí = an t-am atá le teacht

Obair duit

Léigh tú alt idirlín, a dúirt nach féidir daonlathas a bheith ann gan chogadh. An aontaíonn tú leis sin? Tabhair samplaí agus scríobh alt faoi mar fhreagra.

Athdhéanamh foclóra ar ábhar an dlúthdhiosca

Chuala tú na téarmaí seo thíos ar clé ar an dlúthdhiosca. An féidir leat iad a mheaitseáil leis na cinn ar deis?

1	comhlacht	**A**	ciumhais, bruach, taobh
2	ollmhargadh	**B**	pictiúr a thógtar le ceamara
3	foirgneamh	**C**	luach, sochar, buntáiste
4	imeall	**D**	íocaíocht/bronntanas de thoradh comórtais
5	iomaíocht	**E**	gnólacht, cumann
6	tairbhe	**F**	radharc soiléir
7	breis is	**G**	limistéar, réigiún
8	grianghraf	**H**	stór nó siopa ollmhór ina ndíoltar earraí
9	aidhm	**J**	níos mó ná
10	léargas	**K**	coimhlint, comórtas
11	ceantar	**L**	cuspóir
12	duais	**M**	áras, teach mór

Cum abairtí de do chuid féin agus bíodh nathanna cainte ón liosta ar clé thuas agat iontu.

Sampla – *Bhaineamar go léir* ***tairbhe*** *as an gcúrsa.*

Baineann na nodanna thíos le hábhar an dlúthdhiosca. An féidir libh iad a oibriú amach agus a líonadh isteach sa chrosfhocal?



Trasna

1 an t-am atá le teacht (8)
4 freisin, chomh maith (5)
5 cinnte (7)
7 le déanaí (2, 2, 8)
9 titim (6)
12 nóiméad (7)
15 sochar, buntáiste, proifid (6)
17 níos lú ná leath (8)
18 breá, ar fheabhas, maith
19 ceart, gan a bheith bréagach (4)

Síos

1 pá (9)
2 fáth (4)
3 uimhir (4)
6 tréimhse, seal, spás aimsire (6)
8 síntiús a íoctar in aghaidh caillteanais (7)
10 deacair (7)
11 cuntas, faisnéis, scéala (8)
13 cuairteoir (8)
14 buairt (4)
16 rudaí (5)

Freagraí ar an leathanach deireanach!

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

Gabhaigí ár leithscéal! Níor chuireamar na freagraí gramadaí do chaibidil 1 ar lch ranga na caibidle sin. Seo anois iad, mar aon leis na freagraí do chaibidil 2.

Freagraí ó lch 13 (Caibidil 1).

1 **mo mháthair**
2 **i ndeisceart**
3 **sa charr**
4 *Trasna* ***na dTonnta***
5 doras **na cistine**
6 lena **dheirfiúr.**
7 **dár n-oidhreacht**
8 chuig **an bpictiúlann** … ag **cur báistí.**
9 …ar phost a**n phríomhoide**.
10 mo **sheoladh** ríomhphoist
11 leithreas **na bhfear**
12 **i ngiorracht**
13 **an bhliain** seo caite
14 **ar an mbosca** ceoil
15 dath **na ndoirse**

Freagraí ó lch 29 (Caibidil 2)

ar barr ar clé

1 Is aoibhinn liom **an** ceantar seo. Tá **na** radhairc go hálainn.
2 Tá coiste **na** ndaltaí ag feidhmiú sa scoil seo le cúig bliana anuas.
3 Bhí sciathán **an** eitleáin clúdaithe le meirg.
4 Thug sé íde **na** muc is na madraí dó!
5 Dúnadh Scoil **an** Ghleanna roinnt blianta ó shin.
6 Scriosadh leithris **na** mbuachaillí inné.
7 Beidh spórt agus spraoi againn Lá **na** nAmadán!
8 A pháistí, cuirigí bhur gcótaí ar chúil **na** gcathaoireacha, le bhur dtoil.
9 Shiúil sé timpeall **an** bhaile ag cuardach siopa leabhar.
10 Tugadh an robálaí chuig staisiún **na** ngardaí.

ar bun ar clé

1 Tá **an capall** rása sin an-tapa ar fad.
2 Chonaic mé **an ghealach** i lár **na hoíche**.
3 Bhris Seán cos **na bábóige** trí thimpiste.
4 Chuir mé **an bord** ag bun **an tseomra**.
5 Bíonn **an múinteoir** crosta nuair nach mbíonn an obair bhaile déanta againn.
6 Bhuail mé leis an amhránaí Rihanna **an bhliain** seo caite.
7 Ní raibh **an t-am** agam cuairt a thabhairt ort. Tá brón orm faoi sin.
8 Ceannaíonn sí **an iris** sin gach seachtain.
9 Rachaimid go lár **na cathrach** tráthnóna Dé Sathairn.
10 Bhí sé an-neirbhíseach ag tús **an agallaimh**.

ar deis

1 Ní bhíonn **na hoileáin** le feiceáil nuair a bhíonn drochaimsir ann.
2 Cheapamar go raibh **na ceisteanna** sa scrúdú an-deacair ar fad!
3 Faigheann **na haisteoirí** cáiliúla in Hollywood pá an-ard.
4 Tá ainmneacha **na gcontaetha** ar eolas agam i nGaeilge.
5 Beidh mic léinn **na hollscoile** ag máirseáil chuig an Dáil amárach.
6 Táim i mo bhall de chumann **na rinceoirí**.
7 Bhí scoil **na gcailíní** dúnta inné de bharr drochaimsire.
8 Chaith mé an Domhnach ar fad ag glanadh **na bhfuinneog** sa bhaile.
9 Tá **na leabhair** sin ar fáil ar líne anois.
10 Thosaigh rás **na naomhóg** amach ó chósta na Gaillimhe ar a dó a chlog tráthnóna inniu.

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

Féachaigí siar ar lch 25 – freagraí anseo!

1 An bhfuil fón póca agat? Inis dom faoi.

Tá, cinnte. Tá fón cliste agam. *iPhone* is ea é. Taitníonn sé go mór liom. Bíonn imní orm faoi uaireanta, mar is dóigh liom go gcaithim an iomarca ama leis. Téim ar *Facebook* beagnach gach lá agus is aoibhinn liom *Snapchat*. Is féidir liom féin agus le mo chairde pictiúir agus scannáin a roinnt le chéile go héasca. Is áis iontach í an fón póca sa lá atá inniu ann. Bainim úsáid as anois is arís chun mo chuid staidéir a dhéanamh freisin. Rinne mé taifead den tsraith pictiúr agus éistim leis agus mé amuigh ag rith nó ag siúl.

2 An bhfuil fadhb sa cheantar seo le déagóirí a bheith ag ól faoi aois?

Tá, is dócha, ach níl mórán cur amach agam ar an bhfadhb sin. Is duine an-spórtúil mé. Caithimse mo chuid ama ag traenáil agus ag díriú ar mo chuid aclaíochta. Is breá liom féin agus le mo chairde dul chuig an bpictiúrlann nó bualadh le chéile chun an cluiche *Call of Duty* a imirt ar an *Xbox*. Tuigim go maith an droch-chlú atá ar dhaoine óga a ólann faoi aois. Is fuath liom an íomhá sin.

3 An raibh cóisir tí agat riamh?

Ní raibh cóisir tí riamh agam i mo theach féin, ach d'fhreastail mé ar chúpla ceann i dtithe eile. Is breá liom iad. Bíonn daoine ábalta caint agus comhrá a dhéanamh le chéile – nó a bheith ag éisteacht le ceol nua-aimseartha. Chuaigh mé chuig cóisir tí amháin an samhradh seo caite a d'imigh ó smacht. Ní raibh aon tuismitheoir i láthair agus d'ól grúpa déagóirí i bhfad an iomarca. Scrios siad teach mo charad. Chaith duine amháin acu amach ar an tolg agus bhris duine eile suíochán sa chistin. Bhí mo chara ar buile leo. Ní bheidh cead aige dul aon áit ar feadh sé mhí, mar tá a thuismitheoirí chomh crosta sin leis.

4 Conas a dhéanann tú teagmháil le do chairde scoile?

Tá cuid againn ar *WhatsApp*. Is féidir pleananna a dhéanamh go héasca tríd an ngrúpa, mar tig le gach duine an teachtaireacht chéanna a fheiceáil gan stró. Is féidir obair bhaile a fháil trí cheist a chur ar an ngrúpa. Is annamh a chuirimse glao ar mo chairde, dáiríre. B'fhearr liom teachtaireacht a chur thart ar an ngrúpa.

5 An ndeachaigh tú riamh ar laethanta saoire? Inis dom faoi.

Chuaigh mé go dtí an Spáinn an samhradh seo caite le mo mhuintir. Thógamar teach ar cíos in Malaga ar feadh coicíse. Tá an t-aer sa Spáinn go deas úr – agus tá an tír an-ghlan ar fad. Thaitin sé go mór liom dul ar shiúlóidí agus a bheith ag rothaíocht ann. Bhí an aimsir go haoibhinn nuair a bhíomar ann agus thugamar cuairt ar an trá, ar ndóigh. Is breá le mo mhuintir ar fad bia na mara agus bhlaiseamar bia nua ann freisin. Thaitin an *paella* go mór liom!

© Gael Linn (***ar leanúint thíos faoi seo***)

Féachaigí siar ar lch 21 – nótaí gramadaí ón scéal!

An bhfuil an t-ainmfhocal firinscneach nó baininscneach? Cuir isteach an fhoirm cheart den alt i ngach cás agus déan cibé athrú is gá.

1 Ólann m'athair caifé (an : am) ar fad.
2 Briseadh (an : fuinneog) agus bhí (an : príomhoide) ar buile.
3 Ghlan mé (an : seomra) ag deireadh an lae.
4 Bhí (an : teilifís) ar siúl, ach ní fhaca mé (an : clár).
5 Tá (an : Ostair) agus (an : Gearmáin) taobh lena chéile.
6 Ní raibh (an : sláinte) go rómhaith ag fear an phoist.
7 Bhí an teaghlach ar fad i láthair – (an : athair), (an : máthair), (an : deartháir) agus (an : deirfiúr).
8 Tá (an : grian) ag taitneamh inniu agus tá (an : spéir) gorm.
9 Bíonn (an : sráid) sin gnóthach (an : seachtain) ar fad.
10 Chaith (an : múinteoir) an lá ar fad ar an ríomhaire.

An bhéaltriail

Is beag dalta a dhéanfaidh béaltriail don ardteist gan labhairt faoin scoil ina bhfuil sé, faoi na háiseanna scoile agus, b'fhéidir, faoi na rialacha scoile.

Obair bheirte

Tá roinnt eolais thíos faoi cheithre scoil éagsúla. Cuirigí na ceisteanna faoi na scoileanna ar a chéile agus freagraígí gach ceann os ard.

Scoil A **Meánscoil do bhuachaillí**

Líon daltaí 800

Rogha ábhar don ardteist Gaeilge, Béarla, mata, Fraincis, gnó, ceimic, cuntasaíocht, ealaín, bitheolaíocht, stair, tíreolaíocht, ceol, grafaic dheartha agus chumarsáide, oideachas reiligiún-ach, staidéar foirgníochta, eolaíocht talmhaíochta

Áiseanna spóirt páirc pheile, páirc shacair, cúirt chispheile, pinniúr liathróid láimhe, halla spóirt

Áiseanna eile trí sheomra ríomhaireachta, ceithre shaotharlann, aireagal, taisceadáin, seomra ceoil, ceaintín, dhá sheomra ealaíne, dhá chistin

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Na rialacha is tábhachtaí

- a bheith in am don scoil
- gan bruscar a chaitheamh ar fud na háite
- an éide scoile iomlán a chaitheamh gach lá
- an fón póca a fhágail sa taisceadán
- a bheith dea-bhéasach sa rang agus ar fud na scoile

Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

peil ghaelach, sacar, cispheil, iománaíocht, rugbaí, grúpa ceoil, díospóireachtaí Gaeilge agus Béarla, cumann fichille

---

Scoil B **Coláiste pobail**

Líon daltaí 560

Rogha ábhar don ardteist Gaeilge, Béarla, mata, Fraincis, Gearmáinis, gnó, cuntasaíocht, ceimic, bitheolaíocht, ealaín, stair, tíreolaíocht, ceol, eacnamaíocht bhaile, grafaic dheartha agus chumarsáide

Áiseanna spóirt cúirt chispheile, cúirt leadóige, páirc pheile agus páirc shacair phoiblí trí mhíle ón scoil ar fáil gach Céadaoin

Áiseanna eile seomra ríomhaireachta, aireagal, taisceadáin, siopa beag, seomraí ceoil

Na rialacha is tábhachtaí

- Bíonn orainn a bheith ar scoil in am gach lá.
- Bíonn orainn an fón póca a fhágáil múchta sa mhála scoile.
- Níl cead aon eolas faoi dhalta eile a chur ar na meáin shóisialta.
- Bíonn orainn meas a bheith againn ar gach duine i bpobal na scoile.
- Is gá dúinn nóta a fháil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir chun cead a fháil an scoil a fhágáil ag am lóin.

Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

peil ghaelach, sacar, cispheil, leadóg, friosbaí, grúpa *Amnesty*, club fichille, club *scrabble*

Scoil C **Meánscoil do chailíní**

Líon daltaí 950

Rogha ábhar don ardteist Gaeilge, Béarla, mata, Fraincis, Gearmáinis, gnó, cuntasaíocht, ceimic, bitheolaíocht, ealaín, stair, tíreolaíocht, ceol, eacnamaíocht bhaile, grafaic dheartha agus chumarsáide, oideachas reiligiúnach

© Gael Linn

(ar leanúint thíos faoi seo)

Áiseanna spóirt páirc pheile, páirc shacair, cúirt chispheile, cúirt leadóige, halla spóirt

Áiseanna eile dhá sheomra ríomhaireachta, dhá shaotharlann, séipéal, dhá sheomra ceoil, halla drámaíochta, siopa beag, ceaintín

Na rialacha is tábhachtaí



- Caithfimid a bheith in am do gach rang.
- Caithfimid éide scoile iomlán a chaitheamh gach lá.
- Caithfimid an fón póca a fhágáil sa bhaile.
- Caithfimid a bheith múinte, béasach i gcónaí.
- Níl cead againn guma coganta a thabhairt isteach sa scoil.

Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

peil ghaelach, sacar, cispheil, leadóg, haca, camógaíocht, díospóireachtaí Gaeilge agus Gearmáinise

---

Scoil D **Scoil chuimsitheach**

Líon daltaí 1,200

Rogha ábhar don ardteist Gaeilge, Béarla, mata, Fraincis, Spáinnis, gnó, cuntasaíocht, ceimic, bitheolaíocht, ealaín, stair, ceol, grafaic dheartha agus chumarsáide, Laidin, Gréigis, staidéar foirgníochta, oideachas reiligiúnach, matamaitic fheidhmeach

Áiseanna spóirt páirc pheile, páirc shacair, cúirt chispheile, cúirt leadóige, halla spóirt, linn snámha, raon reatha

Áiseanna eile trí sheomra ríomhaireachta, ceithre shaotharlann, aireagal, taisceadáin, seomra ceoil, ceaintín, dhá sheomra ealaíne, dhá chistin

Na rialacha is tábhachtaí

- Tá cosc iomlán ar bhulaíocht.
- Níl cead dul abhaile ag am lóin gan phas.
- Tá cosc ar thobac agus ar dhrugaí.
- Níl cead cur isteach ar an rang nó cur as don mhúinteoir.
- Caithfear a bheith in am do gach rang.

Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

peil ghaelach, sacar, cispheil, leadóg, haca, aeróbaic, díospóireachtaí Gaeilge agus Gearmáinise, cumann gaelach, club snámha, club gailf, cumann drámaíochta, grúpa *Amnesty*, grúpaí ceoil

Freagraígí na ceisteanna thíos ó bhéal!

1 Cén scoil ina bhfuil an líon is mó daltaí?
2 Cé mhéad dalta atá i do scoilse?

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

3 Céard iad na hábhair a dhéantar i Scoil D, ach nach ndéantar i Scoil A?
4 Céard iad na hábhair a dhéantar i Scoil B agus a dhéantar i Scoil C freisin?
5 An bhfuil aon ábhar a dhéantar i gceann de na scoileanna ar mhaith leatsa a dhéanamh, ach nach féidir leat a dhéanamh i do scoilse?
6 Ainmnigh na hábhair ar fad a dhéantar i do scoilse.
7 Cén t-ábhar is fearr leat féin? Cén fáth?
8 An bhfuil aon ábhar nach maith leat ar chor ar bith? Cad chuige?
9 Cén ceann de na scoileanna is fearr as ó thaobh áiseanna spóirt de? Conas?
10 Cén ceann de na scoileanna is measa as ó thaobh áiseanna spóirt de? Cén fáth, dar leat?
11 An bhfuil aon spórt ar fáil in aon cheann de na scoileanna ar mhaith leatsa go mbeadh sé ar fáil i do scoilse? Céard é féin?
12 Cad iad na háiseanna spóirt atá agaibhse? An dóigh leat go bhfuil siad go maith? Cén ceann is mó a mbaineann tú féin úsáid aisti?
13 Cén scoil is fearr as ó thaobh áiseanna eile de? Ainmnigh na háiseanna atá inti.
14 An bhfuil mórán áiseanna eile i do scoilse? Ainmnigh iad.

Léigh arís na rialacha i ngach ceann de na scoileanna ar an liosta. Déan cinneadh anois faoin mbealach ina ndéanfaidh tú cur síos ar na rialacha i do scoil féin agus déan cleachtadh ar na habairtí a úsáidfidh tú.

- Céard iad na rialacha is tábhachtaí i do scoilse?

- Cad iad na gníomhaíochtaí seach-churaclaim atá ar fáil i do scoilse?
- Cén ceann ina nglacann tú féin páirt?
- An bhfuil aon cheann i do scoilse nach bhfuil in aon cheann de na scoileanna ar an liosta?

A Thig ná Tit Orm Maidhc Dainín Ó Sé

Tugtar an-chuntas sa dírbheathnéis seo ar an saol sóisialta a bhí ann le linn do Mhaidhc Dainín a bheith ag fás aníos. Déan an tuairim sin a phlé.

Tugann an t-údar léargas dúinn ar an saol a bhí aige ar scoil sa dírbheatháisnéis, *A Thig Ná Tit Orm*. Tosaíonn sé leis an gcéad lá sa bhunscoil. Níonn a mháthair le gallúnach agus triomaíonn le tuáille é sula siúlann sí leis chuig an scoil. Bheadh bá ag aon duine beo leis an mbuachaill beag nuair a deir sé, *ach a Mham, táim róbheag chun dul ar scoil*.

Ar aon nós, luíonn Maidhc isteach ar an gcóras gan mhoill agus éiríonn leis cairde nua a dhéanamh. Déanann sé tagairt don phionós corpartha a bhí i bhfeidhm sna scoileanna ag an am agus don eagla a bhíodh ar gach duine go bhfaighidís buille den fhuinseog ón máistir scoile.

Níor thaitin ceachtanna ná staidéar le Maidhc ar chor ar bith agus níor theastaigh uaidh dul chuig an gColáiste Ullmhúcháin (do mhúinteoirí). Theip air sa scrúdú iontrála agus bhí air dul go Ceardscoil an Daingin ina ionad sin. Throid sé lena mháthair faoi sin, ar ndóigh, ach ba aicise a bhí an lámh in uachtar! Chaith sé dhá bhliain sa

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

cheardscoil agus dúirt sé gurbh iad sin na blianta ab fhearr ina óige. *Chuir sin ar bhóthar mo leasa mé*, ar seisean.

Bhí saol sona ag Maidhc. Ba léir go raibh sé an-mhór lena mháthair. Léirítear an cion a bhí aige uirthi ag tús an leabhair. Ní raibh fonn air imeacht uaithi ag geataí na scoile agus d'iarr sé uirthi teacht isteach sa scoil leis. Deir sé gur fhéach a mháthair air *go truamhéalach* nuair a rinne sé an t-iarratas sin. Taispeánann sé sin grá na máthar dá mac dúinn.

Theastaigh uaithi go mbeadh saol maith ag Maidhc agus chuir sí brú air dul i dtreo na múinteoireachta. Nuair a theip air sa scrúdú iontrála don Choláiste Ullmhúcháin, níor thug sí an dara rogha dó ach dul chuig Ceardscoil an Daingin.

Bhíodh sí i gcónaí ag faire amach dó agus thugadh sí tacaíocht dó, go háirithe nuair a léirigh sé suim sa cheol. Duine uasal agus tuisceanach í an mháthair. Duine stuama ba ea a athair. D'oibrigh sé go crua sna goirt agus sna portaigh. Bhíodh sé dian go leor ar Mhaidhc agus d'úsáideadh sé an dorn leis nuair a cheapadh sé go mbíodh an buachaill óg imithe ó smacht, go háirithe nuair a thriail Maidhc an tseift uibheacha a dhíol chun toitíní a cheannach! Ní mó ná sásta a bhí an t-athair leis nuair a chuala sé an scéal sin. É sin ráite, léirigh athair Mhaidhc taobh eile dá charachtar nuair a ceannaíodh an bosca ceoil. Shuigh sé síos agus bhuail sé cúpla port dó!

Ba nós breá gaelach í an bhothántaíocht sna caogaidí. Thugadh daoine cuairt ar thithe a gcomharsan istoíche agus chaithidís tamall cois tine ag insint scéalta, ag canadh amhrán agus ag bualadh ceoil. Ba é sin an modh siamsaíochta a bhíodh acu na laethanta sin. D'éisteadh Maidhc leo siúd a chanadh amhráin agus dúirt sé gur *bhreá an Ghaelainn a bhíodh fite fuaite sna hamhráin*. Déanann sé tagairt do chuairteoir áirithe a bhíodh acu, ar a laghad, trí oíche sa tseachtain. Grae an t-ainm a bhí air. Shuíodh an teaghlach ar fad timpeall na tine agus d'éistidís le scéalta iascaigh a bhíodh aige féin agus ag Dainín.

Ciarraíoch ba ea Maidhc Dainín agus, mar ab iondúil le mórán gasúr óg sa chontae sin, thaitin an pheil go mór leis. Tugann sé cuntas dúinn ar an mbealach a n-imrítí í nuair a bhí sé sa bhunscoil. Ní bhíodh réiteoir ná maor líne acu agus d'úsáididís clocha do na cúíl. Bhíodh na cluichí ina raic toisc nach mbíodh rialacha ar bith i bhfeidhm acu. Ní bhíodh cúlaithe ná tosaithe ainmnithe. Rithidís suas síos an pháirc ag leanúint na caide.

Tháinig athrú ar an scéal nuair a d'imir Maidhc le foireann Cheardscoil an Daingin, áfach. Bhíodh rialacha, réiteoirí agus maoir líne acu ag na cluichí. Bhuaigh an scoil craobh an chontae den chéad uair nuair a bhí Maidhc ag imirt leo. Ba mhór an onóir dó a bheith páirteach in ócáid chomh speisialta sin.

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

Maidir le húrscéal a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa déan cur síos ar charachtar amháin a chuaigh i bhfeidhm ort agus ar an éifeacht a bhí aige ar imeachtaí an scéil.

Is é an carachtar is mó a chuaigh i bhfeidhm ormsa sa scéal *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* ná Oisín. Deir daoine áirithe go raibh Oisín mídhílis dá athair, Fionn, ach ní fíor sin in aon chor. Bhí sé le taobh a athar i gcónaí in am an chruatain agus in am an ghá. Is cinnte gur chabhraigh sé le Diarmaid ó am go chéile, ach tuigimid go maith go ndearna sé é sin toisc go raibh a fhios aige go raibh Diarmaid curtha faoi gheasa ag Gráinne. Ba é Oisín féin laoch an chirt agus na dílseachta san úrscéal seo, i mo thuairimse.

Ag tús an scéil, le linn do na Fianna a bheith in Almhain), tháinig Oisín chun cainte le Fionn. Ba léir go raibh imní air faoina athair. Chuir sé ceist air céard a bhí ag cur as dó. D'inis Fionn dó go raibh bean ag teastáil go géar uaidh agus dúirt Oisín go mbeadh sé féin sásta bean a fháil dó áit ar bith in Éirinn – nó fiú aon áit ar domhan. Comhartha dílseachta é sin, go deimhin! Dúirt Fionn gur mhaith leis Gráinne a phósadh agus d'imigh Oisín go Teamhair láithreach, in éineacht le Diorraing, chun ceist an chleamhnais a chur ar Chormac mac Airt, athair Ghráinne. Is comhartha é sin den ghrá agus den dílseacht a bhí aige dá athair.

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, le linn do na Fianna a bheith i láthair ag féasta i dTeamhair, thug Gráinne cuireadh d'Oisín suirí a dhéanamh léi. Dhiúltaigh seisean, ar ndóigh. Bhí sé ródhílis dá athair chun a leithéid a dhéanamh. Ní hamháin sin, ach dúirt sé le Gráinne nach ndéanfadh sé suirí go deo le haon bhean a bheadh luaite le Fionn.

Tamall ina dhiaidh sin, nuair a chuir Gráinne Diarmaid faoi gheasa, d'fhiafraigh Diarmaid d'Oisín céard ba chóir dó a dhéanamh. D'fhreagair Oisín go macánta é. Dúirt sé leis gur thuig sé nach raibh an lucht airsean gur cuireadh na geasa air. 'Adeirimse leat Gráinne do leanúint,' ar seisean. Thuig sé cruachás Dhiarmada. Ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh a bhí sé, dáiríre – seachas a bheith mídhílis.

Ba é Oisín a sheol an dá rabhadh chuig Diarmaid nuair a bhí sé féin agus Gráinne i nDubhros. Sheol sé Bran chuige agus d'iarr sé ar Fhear Goir trí ghlao a ligean as. Ach sula ndearna sé na nithe sin, chuaigh sé i gcomhairle lena chairde, mar níor mhaith leis feall a imirt ar a athair. Nuair a theip ar an dá iarracht sin, d'impigh Oisín ar Fhionn éirí as an tóraíocht. Ach níor thuig Fionn go raibh Oisín ag iarraidh an rud cóir a dhéanamh.

Le linn dó a bheith i nDoire Dá Bhaoth, bhuail Diarmaid le hOisín, le hOscar agus le Clanna Baoiscne ag an gcéad cheann de na seacht ndoirse. Dúirt siadsan leis go mbeidís toilteanach ligean dó dul amach an doras sin, ach níor ghlac Diarmaid leis an tairiscint sin. Tairgeadh an chabhair chéanna dó ag na doirse eile. Ba léir gur ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh a bhí na daoine sin go léir a bhí sásta é a scaoileadh amach. D'fhan siad ar fad le taobh Fhinn go dtí gur tháinig deireadh leis an tóraíocht – agus ní fhéadfaí a rá go raibh siad mídhílis dó ach oiread le hOisín.

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Sular shroich Fionn agus na Fianna Dubhros ó bhFiachrach, bhuail siad le hAodh agus le hAonghus. D'iarr Fionn éiric orthu i mbás a athar féin. Labhair Oisín le Fionn agus dúirt sé leis nár cheart dó a bheith ag iarraidh éirice ar na fir sin – go háirithe ó ba rud é gurbh é Fionn féin a mharaigh aithreacha na beirte acu. D'inis sé scéal an chaorthainn don bheirt fhear agus chomhairligh sé dóibh gan éiric a thabhairt d'Fhionn. Ag glacadh seasaimh ar son an chirt a bhí Oisín arís, seachas a bheith mídhílis.

Nuair a shroich Fionn agus na Fianna Dubhros ó bhFiachrach d'iarr Oisín ar Fhionn arís éirí as an tóraíocht. Bhí sé ag iarraidh a chur ina luí air go raibh éagóir á himirt aige ar Dhiarmaid. Theip ar an iarracht sin chomh maith. Ní raibh aon mhídhílseacht i gceist sa chás sin ach oiread, ar ndóigh.

Uaidh sin ar aghaidh d'fhan Oisín dílis dá athair – agus bhí sé lena thaobh arís, sé bliana déag ina dhiaidh sin, nuair a bhí Diarmaid ag fáil bháis. Nuair a bhí Oscar (mac Oisín) ar tí Fionn a mharú (toisc nach dtabharfadh sé deoch uisce do Dhiarmaid), chuir sé cosc air. Ag glacadh seasaimh ar son an chirt a bhí Oisín arís.

Nuair a fuair Diarmaid bás, rug Fionn ar Mhac an Chuill, cú Dhiarmada, agus d'imigh sé féin agus na Fianna go Ráth Ghráinne. Bhí Gráinne torrach ag an am agus baineadh geit aisti nuair a chonaic sí go raibh Mac an Chuill ag Fionn. Thit sí amach thar bhallaí an rátha agus rugadh triúr mac marbh di ar an láthair. D'ordaigh Oisín do na Fianna imeacht láithreach. Fear stuama ciallmhar, gan amhras! D'iarr Gráinne cú Dhiarmada ar Fhionn, ach bhí seisean chomh dóite sin ag an éad gur dhiúltaigh sé glan an cú a thabhairt di. Cé a sheas isteach sa bhearna bhaoil arís chun an rud cóir a dhéanamh, ach Oisín! Sciob sé an cú ó Fhionn agus thug do Ghráinne é.

Níl aon dabht faoi, mar sin, ach go raibh Oisín fíordhílis dá athair agus dá cheannare, Fionn. D'fhan sé lena thaobh i gcónaí, ach aon uair ar chreid sé go raibh feall á imirt ag Fionn ar Dhiarmaid. rinne sé a dhícheall é a chur dá threoir. Ba í an éifeacht ba mhó a bhí aige ar imeachtaí an scéil ná gur chothaigh sé síocháin idir an bheirt phríomhcharachtar a fhad agus ab fhéidir leis

Obair duit

- Cur síos gairid uait ar an úsáid a bhaintear as tréithe an bhéaloidis san úrscéal, *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne*. Bíodh tagairt agat do na nithe seo i do fhreagra.

  an uimhir 7 *an uimhir 3* *geasa*
  crógacht *éiric*
- Déan léiriú ar an gcaidreamh idir Diarmaid agus Gráinne ó thús go deireadh an scéil.

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Ullmhú don bhéaltriail
Sraith pictiúr 8
Cóisir gan chead

Pictiúr 1 *Tráthnóna Aoine bhí tuismitheoirí Áine agus Éimhín réidh le dul ar saoire ghairid don deireadh seachtaine. Chuir siad óstán deas in áirithe ar an idirlíon cúpla lá roimhe sin. D'iarr Daid ar na páistí a bheith cúramach, an obair bhaile a dhéanamh agus an teach a choimeád glan a fhad is a bheadh sé féin agus Mam as baile. Mhínigh sé dóibh go mbeidís ag filleadh Dé Domhnaigh thart ar leathuair tar éis a trí. D'fhág gach duine slán ag a chéile.*

Pictiúr 2 *Chaith Éimhín na leabhair uaidh sula raibh a thuismitheoirí ar an bpríomhbhóthar fiú. Shocraigh sé féin agus a dheirfiúr go mbeadh cóisir gan chead acu an oíche sin! Shuigh siad síos agus thosaigh siad ag cur téacsanna chuig a gcairde go léir. Dúirt siad leo go mbeadh an chóisir ag tosú ar a hocht a chlog. Bheadh ceol, bia, spórt agus spraoi acu. Ar ndóigh, bhí gach duine ag tnúth go mór leis sin.*

Pictiúr 3 *Roimh a naoi a chlog bhí an teach lán go doras cheana féin – gach duine ag caint is ag comhrá – agus cuid acu ag ól faoi aois freisin. Bhí oíche go maidin acu ag ceol, ag amhrán agus ag rince. Maidir leis na tuismitheoirí, d'ith siad béile an-bhlasta in Óstán an Átha. Bhain siad an-sult as an dinnéar agus rinne siad comhrá le chéile, gan duine ná deoraí le cur isteach orthu.*

Pictiúr 4 *Mhúscail Éimhín agus Áine ar a haon a chlog an lá dár gcionn – an bheirt acu ag mothú an-tinn ar fad. Dúirt Éimhín go raibh tinneas cinn air chomh maith. Bhí an teach ina phraiseach cheart – an t-urlár breac le cannaí beorach, le píotsa leathite agus le criospaí. Chuir Áine ceist ar a deartháir ar cheart dóibh an áit a ghlanadh láithreach.* '***Glanaimis ar a sé a chlog tráthnóna í,***' *arsa Éimhín.* '***Caithfidh mise dul a luí tamall. Tá mé an-tuirseach.***'

Pictiúr 5 *Idir an dá linn tháinig athrú ar an scéal in Óstán an Átha. Glaodh na lóistéirí chuig an halla fáilte. Mhínigh an bainisteoir dóibh go raibh an córas uisce briste agus an leictreachas gearrtha don chuid eile den deireadh seachtaine. Thug sé trí rogha dóibh – dul chuig óstán eile, airgead a fháil ar ais nó dhá oíche saor in aisce in Óstán an Átha uair eile éigin eile. Ghlac na tuismitheoirí leis an tríú rogha. Thiocfaidís ar ais uair éigin eile.*

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***
Dréimire | 2017-2018 | Gael Linn

Pictiúr 6 *Baineadh geit uafásach as na tuismitheoirí nuair a bhain siad amach an teach ar a cúig a chlog. Bhí an áit fós bunoscionn – agus iad ar deargbhuile le hÁine agus le hÉimhín. '**Inis dom cad a tharla anseo**,' arsa Mam. Rinne Éimhín iarracht lag an scéal a mhíniú, ach níor chreid Daid oiread is focal as a bhéal. Chaith na páistí trí lá ag glanadh an tí ina dhiaidh sin – agus gearradh a gcuid airgead póca go ceann míosa!*

Sraith pictiúr 3
Timpiste

Pictiúr 1 *Le linn drochaimsir an gheimhridh lean sé ag stealladh báistí ar fud na tíre ar feadh seachtaine. Bhí cúrsaí aimsire sa bhaile mór go han-dona. Thiomáin Conchúr agus Kate go dtí an phríomhshráid chun áit pháirceála a fháil, mar ba mhaith leo dul chuig an bpictiúrlann. Bhí scáthanna báistí os a gcionn ag na coisithe agus iad ag siúl ar na cosáin.*

Pictiúr 2 *Ba le Conchúr an carr agus thiomáin sé leis go cúramach. Go tobann bhuail a ghuthán póca. Ní raibh sé ag súil le glao ó aon duine. Shín sé amach a lámh agus rug ar an bhfón, cé go raibh sé ag tiomáint. Darren a bhí ann agus rinne siad comhrá breá le chéile. D'éist Kate leis an gcaint.*

Pictiúr 3 *Ní raibh aird Chonchúir ar an mbóthar nuair a bhuail sé fear a bhí ag iarraidh siúl ar an trasrian coisithe. Ní fhaca sé in am é. Bhrúigh sé go láidir ar na coscáin, ach níor éirigh leis an carr a stopadh. Leagadh an fear bocht ar an talamh.*

Pictiúr 4 *Léim Conchúr agus Kate amach – a gcroíthe ag preabarnach go láidir. Bhí an fear ina luí ar an talamh gan aithne gan urlabhra agus an bháisteach ag titim anuas air. Chonaic fear eile an eachtra agus chuir sé fios ar na seirbhísí éigeandála láithreach.*

Pictiúr 5 *Tháinig an t-otharcharr agus na gardaí tamall gairid ina dhiaidh sin. Cuireadh an duine gortaithe ar shínteán agus ceistíodh Conchúr agus Kate faoin eachtra. Ghlac Conchúr freagracht iomlán as an timpiste agus mhothaigh sé an-bhuartha ar fad. D'iarr an garda orthu beirt teacht in éineacht leis go dtí an stáisiún.*

Pictiúr 6 *Chuir sé ceisteanna orthu faoi gach aon ghné den scéal. D'inis Conchúr an fhírinne iomlán dó agus d'admhaigh sé gur air féin a bhí an locht. Ar ndóigh, bhí sé an-imníoch faoin bhfear a gortaíodh. Gheall sé nach*

© Gael Linn *(ar leanúint thíos faoi seo)*

bhfreagródh sé an fón go deo arís agus é ag tiomáint. Mhínigh an garda dó go mbeadh sé ag dul os comhair na cúirte am éigin ina dhiaidh sin. Ach ba chuma le Conchúr a fhad is a thiocfadh biseach ar an bhfear gortaithe.

Sraith pictiúr 5
Caillte sna sléibhte

Pictiúr 1 *Chuaigh muintir na hidirbhliana ar thuras sléibhteoireachta ag tús na scoilbhliana. Roghnaigh na múinteoirí sliabh ard i gContae Mhaigh Eo dóibh. Bhuail siad bóthar ag breacadh an lae agus níorbh fhada gur shroich siad an áit. Bhí ceo san aer agus cheap cúpla duine go mbeadh sé ródhainséarach an sliabh a dhreapadh. Ach chinn an múinteoir nach raibh an aimsir ródhona agus go leanfaidís ar aghaidh leis an bplean.*

Pictiúr 2 *Thug siad aghaidh ar bharr an chnoic ansin. Bhí go breá don chéad uair an chloig, ach ansin, go tobann, bhí an ceo seo i bhfad ní ba throime ná mar a bhí roimhe sin. Tháinig imní ar Liam agus ar Eoin, a bhí tite siar go cúl an ghrúpa. Ní raibh radharc soiléir acu ar an sliabh in aon chor.*

Pictiúr 3 *Bhí bearna bheag sa cheo agus thug siad faoi deara go raibh siad giota maith chun cúil ar an bpríomhghrúpa. '**Caithfimid brostú nó caillfear sinn**,' arsa Eoin. Bhrostaigh siad orthu, ach níor éirigh leo an bhearna a dhúnadh mórán. Ba shnámh in aghaidh easa é, dáiríre.*

Pictiúr 4 *Idir an dá linn, stad an mórghrúpa agus ghlaoigh an múinteoir an rolla. Bhí imní an domhain air nuair a thug sé faoi deara go raibh beirt ar iarraidh. '**Cá bhfuil sibh?**' a bhéic sé in ard a chinn is a ghutha. Ghlaoigh múinteoir eile ar na seirbhísí éigeandála láithreach.*

Pictiúr 5 *Tháinig an tSeirbhís Tarrthála Héileacaptair go dtí an sliabh tamall ina dhiaidh sin. Thuirling beirt fhear ón héileacaptar chun na buachaillí a tharrtháil ón gceo. Ar ámharaí an tsaoil ní raibh aon deacracht acu na buachaillí a thabhairt slán ón mbaol. Faoi dheireadh, bhuail an bheirt acu leis na buachaillí eile ag bun an tsléibhe.*

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Pictiúr 6 *Reáchtáladh cóisir an deireadh seachtaine sin agus bhí lucht na hidirbhliana ar fad i láthair. Labhair siad le chéile faoin turas sléibhteoireachta.* ***'Buíochas le Dia gur tháinig gach duine slán as,*** *' a dúirt Liam.* ***'Tá ár gceacht foghlamtha againn, ach ná téimis ag sléibhteoireacht sa cheo arís,*** *' arsa Eoin.*

Sraith pictiúr 17
Samhradh iontach

Pictiúr 1 *Bhuail Daifne le Tara lasmuigh den séipéal lá. Bhí an ardteist díreach críochnaithe acu agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Gheall siad dá chéile go mbeadh samhradh den scoth acu. Phléigh siad cúrsaí ar feadh uair an chloig agus bheartaigh siad tús a chur leis na*

pleananna go luath.

Pictiúr 2 *Chuaigh siad beirt chun cainte le bainisteoir an óstáin an mhaidin ina dhiaidh sin. D'inis siad dó go raibh obair á lorg acu. Chuaigh na cailíní chomh mór sin i bhfeidhm ar an mbainisteoir gur thairg sé poist dóibh láithreach. Bheidís ag glanadh seomraí an óstáin gach lá.* ***'Tá an t-ádh orainn go bhfuil post samhraidh againn,*** *' arsa Tara le Daifne.*

Pictiúr 3 *Tháinig deireadh leis an tréimhse oibre ag deireadh mhí Iúil. Ba mhaith leo roinnt taistil a dhéanamh sula dtabharfaidís aghaidh ar an ollscoil. Ar aghaidh leo chun na Róimhe agus thug siad cuairt ar áiteanna stairiúla mar an Colasaem agus an Vatacáin. Chuaigh an chathair go mór i bhfeidhm orthu, go deimhin. Chomh maith leis sin, thaitin muintir na háite agus an bia Iodálach go mór leo.*

© Gael Linn ***(ar leanúint thíos faoi seo)***

Pictiúr 4 *Faoi dheireadh tháinig siad abhaile. Ba bhaill de chlub peile iad beirt agus d'éirigh leis an gclub cluiche ceannais an chontae a bhaint amach. Bhuaigh siad an cluiche sin agus ghlac siad seilbh ar an gcorn. Chuaigh an fhoireann go léir chuig an bpictiúrlann an oíche sin chun an ócáid a cheiliúradh.*

Pictiúr 5 *Bheartaigh Tara agus Daifne obair dheonach a dhéanamh ar feadh tamaill sula dtiocfadh deireadh leis na laethanta saoire. Chaith siad seachtain ag cabhrú le Cumann Naomh Uinseann de Pól agus chuaigh siad chun cainte le daoine gan dídean. Thug siad éadach agus nithe eile dóibh agus, ar ndóigh, bhí na daoine sbochta buíoch as an gcabhair sin.*

Pictiúr 6 *Bhain na cailíní idir shult agus tairbhe as an samhradh.* ***'Sin an samhradh ab fhearr a bhí agamsa riamh,'*** *arsa Tara.* ***'Aontaímse go hiomlán leat,'*** *arsa Daifne.* ***'Tá mé ag súil go mór leis an mbliain seo chugainn.'***

Athdhéanamh foclóra ar ábhar an dlúthdhiosca

Freagraí ar an gcrosfhocal (lch 5 thuas)



© Gael Linn